

# Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Altraí Cláraithe agus do Chnáimhseacha Cláraithe

Dáta foilsithe: 11 Bealtaine 2021



Bord Altranais agus  
Cnáimhseachais na hÉireann  
Nursing and Midwifery  
Board of Ireland



<b>Clár na nÁbhar</b>	<b>Gluais</b>	<b>3</b>
	<b>Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann</b>	<b>5</b>
	Ár bhfeidhmeanna	5
	Cuspóir agus aidhmeanna an Chóid	6
	Struchtúr an Chóid	6
	Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Altraí Cláraithe agus do Chnáimhseacha Cláraithe	7
	<b>Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine</b>	<b>8</b>
	<b>Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil</b>	<b>12</b>
	<b>Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais</b>	<b>15</b>
	<b>Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht</b>	<b>17</b>
	<b>Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile</b>	<b>19</b>
	<b>Tagairt agus acmhainní</b>	<b>21</b>
	<b>Innéacs na nÁbhar</b>	<b>22</b>

---

## Gluais

Chun críocha an Chóid seo, tá na focail agus na frásaí seo a leanas mínithe againn.

**Treoir cúraim sláinte roimh ré:** ar a dtugtar uaireanta ‘uacht bheo’; ráiteas scríofa é seo de mhianta agus céadroghanna duine maidir le cúram sláinte an duine sin sa todhchaí. Má bhíonn inní ar dhuine nach mbeidh sé/sí in ann cinntí a dhéanamh mar gheall ar a c(h)umas chuige sin bheith cailte, déanann sé/sí an ráiteas ag am ag a bhfuil sé/sí fós i gcumas déanamh amhlaidh.

**Teagmhas neamhfhabhrach:** teagmhas a bhíonn díobháil mar thoradh air nó a d’fhéadfadh díobháil bheith mar thoradh air.

**Féinriar:** féinchinntiúchán; cumas duine chun roghanna a dhéanamh ar bhonn a luachanna féin.

**Cumas:** cumas chun rogha maidir le cinneadh i dtaca le cúram sláinte ar leith ag am ar leith a thuiscint, a phlé agus a chur in iúl.

**Rialachas cliniciúil:** an córas údaráis dá bhfuil foirne cúraim sláinte cuntasach maidir le caighdeán, sábháilteacht agus sástacht othar sa chúram a chuireann siad ar fáil.

**Comhghleacaithe:** comhoibrithe, gairmithe eile sa tsláinte agus sa chúram sóisialta, oibrithe cúraim sláinte eile, agus mic léinn altranais agus cnáimhseachais.

**Inniúlacht:** cumas altra nó cnáimhsí cleachtadh go sábháilte agus go héifeachtach agus a f(h)reagracht ghairmiúil a chomhlíonadh laistigh de scóip an chleachtais.

**Diúltú coinsiasach:** diúltú láidir ag altra nó cnáimhseach – bunaithe ar fhorais reiligiúnacha nó morálta – do sheirbhís ar leith a sholáthar nó do pháirt a ghlacadh i soláthar na seirbhíse sin.

**Iompar:** cleachtais mhorálta, gníomhartha, tuairimí agus caighdeáin iompraíochta duine.

**Eitic:** prionsabail, luachanna agus suáilcí lena gcuirtear ar chumas duine saol maith ó thaobh na moráltachta de a chaitheamh. Nuair a chuirtear i bhfeidhm ar an altranais agus ar an gcnáimhseachas iad, bíonn na prionsabail mhorálta a chuirtear i láthair sa Chód seo mar bhonn agus mar thaca ag an gcleachtas gairmiúil.

**Cleachtas fianaise-bhunaithe:** úsáid na fianaise is fearr dá bhfuil ar fáil mar aon le saineolas an altra nó na cnáimhsí agus luachanna agus céadroghanna an othair chun cinntí cúraim sláinte a dhéanamh.

**Díomhaointeas:** mainneachtain gníomh a dhéanamh i gcás ina bhfuil gníomh ag teastáil.

**Eachtra:** teagmhas nó cúinse a mbíonn de thoradh air nó a bhfuil an seans ann go mbeadh de thoradh air go ndéanfaí dochar neamhbheartaithe, neamhriachtanach do dhuine, nó go mbeadh gearán déanta, nó go mbeadh cailliúint nó damáiste ann.

**Ionracas:** cloí le luachanna ghairm an altranais agus an chnáimhseachais agus leis na caighdeáin cleachtais a bhfuil glacadh leo. Is ionann gníomhú go hionraic agus gníomhú go macánta agus tú féin a iompar mar a mbítear ag súil leis faoin gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice.

---

**Orduithe riachtanacha:** an beart a bhfuil sé d'oibleagáid ar altra nó cnáimhseach a dhéanamh agus nach ceadaíthe aon imeacht ar bith uaidh.

**Neamhghníomh:** mainneachtain rud éigin a dhéanamh, go háirithe rud a bhfuil oibleagáid mhorálta nó dlíthiúil ar dhuine é a dhéanamh.

**Othar:** duine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. I gcásanna áirithe, úsáidtear na téarmaí 'cliant', 'duine aonair', 'duine', 'daoine', 'cónaitheoir', 'úsáideoir seirbhíse', 'máthair', 'bean' nó 'leanbh' in ionad an téarma 'othar' ag brath ar an suíomh sláinte nó cúraim shóisialta.

**Nochtadh Cosanta:**

Is féidir le haltra nó cnáimhseach a nochtadh, le dea-intinn:

- fadhbanna leis an tsábháilteacht a d'fhéadfadh riosca don othar nó don phobal teacht dá mbarr
- oibleagáidí dlíthiúla nach bhfuiltear á sásamh
- sa chás go bhfuiltear ag cur cistithe poiblí amú

Trí na cúiseanna imní a nochtadh de réir reachtaíochta ábhartha, tugtar cosaint don altra nó don chnáimhseach ó bheart an fhostaitheora ina (h)aghaidh.

**Caighdeán cleachtais:** caighdeáin ghairmiúla fianaise-bhunaithe tomhaiste i leith riachtanais na n-othar, sástacht na n-othar agus éifeachtúlacht na heagraíochta.

**Cnáimhseach chláraithe:** cnáimhseach a bhfuil a hainm iontráilte i rannán na gcnáimhseach de Chlár na nAltraí agus na gCnáimhseach.

**Altra cláraithe:** altra a bhfuil a (h)ainm iontráilte i rannán na n-altraí de Chlár na nAltraí agus na gCnáimhseach.

**Féinchinntitheacht:** duine bheith i gceannas ar a s(h)aol féin agus ag déanamh a c(h)inntí féin.

**Is ceart:** ciallaíonn sé seo moladh láidir go ndéanfaí gníomh ar leith agus nach mór údar a bheith le himeacht uaidh i gcúinsí áirithe.

**Caighdeáin:** ráitis údarásacha arna bhforbairt, arna monatóiriú agus arna bhfeidhmiú ag Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann chun na freagrachtaí agus an t-iompar a mbítear ag súil leo ó altraí agus cnáimhseacha cláraithe a leagan síos. Tá na caighdeáin bunaithe ar na prionsabail agus na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcleachtas gairmiúil.

**Caidreamh teiripeach:** an caidreamh atá bunaithe agus coinnithe ar bun idir duine atá ag iarraidh nó ag fáil cúraim agus altra nó cnáimhseach trí úsáid eolais, scileanna agus meonta gairmiúla d'fhonn cúram altranais agus cnáimhseachais a chur ar fáil a bhfuiltear ag dréim go gcuirfidh sé le torthaí sláinte don duine (arna oiriúnú ó Nursing Council of New Zealand).

**Bean:** duine baineann d'aois ar bith.

---

## Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann:

### Ár bhfeidhmeanna

Tá dhá phríomhchuspóir ag Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (Nursing and Midwifery Board of Ireland) mar a luaitear iad in Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011:

- an pobal a chosaint
- ionracas na gcleachtas altranais agus cnáimhseachais a chinntiú

Is sinne an comhlacht reachtach a leagann síos na caighdeáin d'oideachas, clárú agus iompar gairmiúil altraí agus cnáimhseach. Tugaimid comhairle chomh maith faoin gcaoi is ceart d'altraí agus cnáimhseacha cúram a chur ar fáil d'othair, dá dteaghlaigh agus don tsochaí.

Chun an fheidhm atá againn an pobal a chosaint tá dualgas orainn Clár na nAltraí agus na gCnáimhseach a bhunú agus a chothabháil. Bunaímid chomh maith nósanna imeachta agus critéir don mheasúnú agus don chlárú. Ina theannta sin, tugaimid faomhadh do chláir oideachais agus cláir bhreiseoideachais chun críche cláraithe agus cláraithe leanúnaigh agus coinnímid na cláir seo faoi athbhreithniú.

Leagaimid síos chomh maith caighdeáin cleachtas agus tugaimid tacaíocht d'altraí agus cnáimhseacha cláraithe. Áirítear air seo na nithe seo a leanas a fhorbairt, a fhoilsiú agus a athbhreithniú:

- cód iompair ghairmiúil agus eitice
- treoir maidir le gach gné den iompar gairmiúil agus den eitic
- treoir maidir le hinniúlacht ghairmiúil a chothabháil

Trínár bhfeidhmeanna oiriúnacht chun cleachta, táimid freagrach as gearáin in aghaidh altraí agus cnáimhseach a mheas.

Is é an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Altraí Cláraithe agus do Chnáimhseacha Cláraithe (an Cód) an struchtúr uileghabhálach atá mar bhonn eolais faoinár gcreat treorach gairmiúla d'altraí agus cnáimhseacha cláraithe. Tá cuntasacht ghairmiúil, inniúlacht agus caighdeán an chleachtas ghairmiúil bunaithe ar an struchtúr seo in éineacht le creata eile tacaíochta agus caighdeán.

Go lárnach i measc na gcreataí seo tá Scóip an Chleachtas Altranais agus Cnáimhseachais. Seasann sé don raon ról, feidhmeanna, freagrachtaí agus gníomhaíochtaí gairmiúla a mbíonn údarás ag altra nó cnáimhseach chláraithe iad a chur i gcrích. In Éirinn, cinntear Scóip an Chleachtas d'altraí agus cnáimhseacha le reachtaíocht náisiúnta, treoracha ón AE, forbairtí idirnáisiúnta, beartas sóisialta, treoirlínte náisiúnta agus áitiúla, oideachas agus leibhéil inniúlachta daoine aonair.

Foilsímid rialacha, caighdeáin, treoirlínte agus comhairle d'altraí agus cnáimhseacha chun cabhrú lear cloí leis an gCód agus chun tacú leat i do scóip chleachtas agus do fhreagrachtaí gairmiúla. Ar na foilseacháin seo áirítear eolas faoi chaighdeáin agus riachtanais oideachais, caighdeáin cleachtas, treoirlínte, creataí

---

cinnteoireachta, ciorcláin agus ráitis seasaimh. Tá treoir mhionsonraithe tugtha i mórán de na foilseacháin seo faoi réimsí sainiúla iompair ar nós doiciméadú a bhainistiú, cógas a bhainistiú agus taighde.

Ní mór duit eolas agus tuiscint a bheith agat faoi thábhacht an leagain caighdeán is reatha dá bhfuil againn agus ár ndoiciméad treoirlíne agus is ceart duit iad a chur i bhfeidhm i suíomh gairmiúil ar bith.

## Cuspóir agus aidhmeanna an Chóid

Is é cuspóir an Chóid thú a threorú sa chleachtas agat ó lá go lá agus cabhrú leat do chuid freagrachtaí gairmiúla a thuiscint agus tú ag tabhairt cúraim d'othair i mbealach sábháilte, eiticíúil, éifeachtach.

### Is iad aidhmeanna an Chóid ná:

- tacaíocht agus treoir a thabhairt duit sa chinnteoireacht eiticíúil agus cliniciúil agat, sa mhachnamh leanúnach agat agus sa bhféinfhorbairt ghairmiúil agat
- an pobal mór a chur ar an eolas maidir leis an gcúram gairmiúil is féidir leo bheith ag súil leis uaitse
- tábhacht na n-oibleagáidí atá agat a aibhsiú riachtanais othar agus teaghlach a aithint agus a fhreagairt
- caighdeán a leagan síos do rialáil, monatóiriú agus forfheidhmiú iompair ghairmiúil.

Is ceart do gach altra cnáimhseach chláráithe i ngach réimse cleachtais (cliniciúil, oideachas, taighde, riarachán agus bainistíocht) cloí le prionsabail, luachanna agus caighdeán iompair an Chóid.

Tá freagracht ort cloí le luachanna na ngairmí chun a chinntiú go mbíonn an cleachtas agat de réir ardchaighdeán cleachtais ghairmiúil agus go gcosnaíonn sé an pobal. Más rud é nach gcloíonn tú leis an gCód agus go ndéantar gearán i d'aghaidh, féadaimid imscrúdú a dhéanamh ort.

Is ceart do mhic léinn altránais agus cnáimhseachais dul i dtaithe ar an gCód mar chuid den oideachas acu.

Creidimid go bhfuil dualgas ar fhostaitheoirí tábhacht luachanna agus chaighdeán an Chóid a admháil sa chaidreamh acu le fostaithe gur altraí agus cnáimhseacha iad. Tagraítear sa Chód do reachtaíocht ábhartha náisiúnta, mar go n-ordaíonn agus go dtacaíonn sé sin chomh maith le cur chin na n-ardchaighdeán a mbítear ag súil leo ó altra agus cnáimhseach.

Measfaimid ceisteanna sainiúla a bhaineann le cleachtas gairmiúil de réir mar a thagann siad chun cinn, agus cuirfimid amach treoirlínte cleachtais ghairmiúil de réir mar a bheidh gá leo seo.


## Struchtúr an Chóid

Tá an Cód bunaithe ar chúig phrionsabal. Rialaíonn siad:

- ómós do dhíneit an duine
- freagracht agus cuntasacht ghairmiúil
- caighdeán cleachtais
- muinín agus rúndacht
- comhoibriú le daoine eile

Tá gach aon phrionsabal mar bhonn agus mar thaca le luachanna eiticiúla an Chóid agus le caighdeáin ghaolmhara iompair agus cleachtais, agus mar threoir do chaidrimh idir altraí, cnáimhseacha, othair agus comhghleacaithe. Leagtar leis na luachanna príomhspríocanna agus oibleagáidí altraí agus cnáimhseach. Leanann na caighdeáin iompair agus cleachtais ghairmiúil as na luachanna seo agus léirítear leo an meon agus an t-iompar a bhfuil sé de cheart ag baill den phobal bheith ag súil leo uait. Tá na trí ní, na prionsabail, na luachanna agus na caighdeáin iompair ar comhleibhéal tábhachta agus is ceart iad a mhachnamh in éineacht lena chéile.

## Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Altraí Cláraithe agus do Chnáimhseacha Cláraithe





---

## Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine

Baintear an prionsabal seo as Dearbhú Uile-Choiteann Chearta an Duine (Na Náisiúin Aontaithe, 1948) lena ndearbhaítear go bhfuil an tsaoirse, an ceartas agus an tsíocháin bunaithe ar an bhforas go n-aithnítear dínit agus comhionannas dúchasach gach duine daonna.

Fónann an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (Comhairle na hEorpa, 1950) Bunreacht na hÉireann (Rialtas na hÉireann, 1937), Na hAchtanna um Stádas Comhionann (Rialtas na hÉireann, 2000-2018) agus Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, 2007 (arna dhaingniú ag Rialtas na hÉireann, 2018) chomh maith mar thagairtí do luachanna agus caighdeáin a bunaíodh chun ómós a thabhairt do dhínit an duine.

### Luachanna

- 1 Urramaíonn altraí agus cnáimhseacha gach aon duine mar dhuine aonair uathúil.
- 2 Urramaíonn altraí agus cnáimhseacha dínit gach céime den saol daonna agus cosnaíonn siad é.
- 3 Urramaíonn altraí agus cnáimhseacha a ndínit féin agus dínit othar agus coinníonn siad é ina gcleachtas gairmiúil. Creideann siad gur comhurraim é seo atá i gceist le hothair
- 4 Urramaíonn altraí agus cnáimhseacha ceart gach aon duine chun féinchinnteachta mar cheart bunúsach daonna. Chun an ceart chun féinchinnteachta a urramú, tá ríthábhacht ag baint le toiliú feasach. Taobh amuigh de chúinsí eisceachtúla, sárú ar chearta othar é iad a chóireáil gan toil a bheith tugtha acu. Meastar go bhfuil an cumas ag gach duine fásta cinntí cúraim sláinte a dhéanamh. Sainmhínítear an cumas mar an acmhainn chun rogha a thuiscint, a phlé agus a chur in iúl maidir le cinneadh cúraim sláinte ag am ar leith.
- 5 Urramaíonn altraí agus cnáimhseacha gach duine go comhionann gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais aoise, inscne, cine, reiligiúin, stádais shibhialta, stádais teaghlaigh, claonta gnéis, míchumais (fisiceach, meabhrach nó intleachtúil) ná ballraíochta i bPobal an Lucht Siúil.

---

## Caighdeáin Iompair

- 1 Ní mór duit gach aon duine a urramú mar dhuine uathúil.
- 2 Ní mór duit dínit gach céime den bheatha dhaonna a urramú agus a chothabháil.
- 3 Tá sé mar fhreagracht ort gach iarracht bhailí nó réasúnta a dhéanamh chun beatha agus sláinte ban torrthach agus a leanaí gan bhreith a chosaint.
- 4 Ní mór duit ceart dlíthiúil mná foirceannadh toirchis a fháil de réir fhorálacha an Achta Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil), 2018.
- 5 Is ceart duit treoir sláinte roimh ré ag duine aonair a urramú más fios duit go bhfuil a leithéid ag an duine sin.
- 6 Maidir le cúram ag deireadh saoil, is ceart duit tacú leis an duine bás a fháil le dínit agus compord. Cuimsíonn sé seo urraim a chinntiú don othar sa tréimhse tar éis a b(h)áis, ag tabhairt aird duit ar noirm agus luachanna cultúrtha an othair agus teaghlach an othair.
- 7 Má bhíonn diúltú coinsiasach agat, is ceadaithe duit diúltú cúram a thabhairt, nó páirt a ghlacadh i ngnáthamh nó cóireáil ar bith atá in aghaidh do luachanna eiticiúla nó morálta. (Tá nasc idir na caighdeáin iompair 6 agus 7 i bPrionsabal 2 Freagracht Ghairmiúil agus Cuntasacht – diúltú coinsiasach – agus an caighdeán seo.)
- 8 Ní mór duit do dhícheall a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh le hothair maidir leis an gcúram a thugtar dóibh agus eolas a thabhairt dóibh i mbealach a thuigfidh siad.
- 9 Má bhíonn riachtanais cumarsáide nó teanga ag othair, is ceart duit iarracht a dhéanamh a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar bun sa tslí gur féidir libh dul i gcumarsáid go héifeachtach lena chéile.
- 10 Is ceart duit féinriar othar a urramú agus a chur chun cinn: a gcuid roghanna, tosaíochtaí, tuairimí agus luachanna a urramú. Má chinneann siad cúram nó cóireáil a dhiúltú, is ceart tuilleadh plé a dhéanamh dá bharr sin agus an cinneadh a urramú i gcomhthéacs chumas an duine.
- 11 Ortsa atá an fhreagracht toiliú an othair a lorg le cóireáil agus cúram altranais agus cnáimhseachais. Ná déan talamh slán de riamh go bhfuil an t-othar ag toiliú. Bíonn an toiliú bailí sa chásanna seo a leanas:
  - cuirtear eolas in iúl i mbealach soiléir maidir le nádúr, cuspóir, tairbhí agus rioscaí cóireála agus cúraim i mbealach gur féidir leis an othar é a thuiscint
  - tá an cumas ag an othar cinneadh a dhéanamh maidir le gnáthamh ar leith
  - tugann an t-othar toiliú dá d(h)eoin féin

- 
- 12** más rud é gur dealraitheach go bhfuil easpa tuisceana nó cumais ar othar agus nach bhfuil an t-othar in ann rogha a chur in iúl maidir le gnáthamh nó cóireáil, is ceart duit am agus tacaíocht a thabhairt dó/di chun barr a c(h) umais chun cinntí a dhéanamh a bhaint amach. má bhíonn tú neamhchinnte i gcónaí maidir le cumas othair chun cinntí cúraim sláinte a dhéanamh, is ceart go measúnódh an dochtúir agus baill eile den bhfoireann cúraim sláinte cumas an duine sin. má chinntear go bhfuil easpa cumais ar an othar, is ceart duit:
- treoracha agus mianta an duine roimhe sin a chur sa chuntas, más eol iad
  - an cás a phlé le baill teaghlaigh, cúramóirí nó caomhnóirí cuí
  - an cás a phlé le baill eile den bhfoireann cúraim sláinte
  - tuairimí léirithe an duine ar a bhfuil easpa cumais a chur sa chuntas (más féidir) nuair a bhíonn cinneadh cóireála nó cúraim á dhéanamh agat (Tá nasc idir na caighdeáin iompair 4 agus 5 i bPrionsabal 4 Muinín agus Rúndacht Cuntasacht – eolas pearsanta a phlé – agus an caighdeán seo.)
- 
- 13** I gcúinsí eisceachtúla, ar nós éigeandálaí, áit nach bhfuil cumas ag an othar, ní gá toiliú le cóireáil ná cúram. Is ceadaithe duit an duine a chóireáil nuair is gá sin go práinneach chun a b(h)eatha a shábháil nó chun meath tromchúiseach ar an mbail atá air/uirthi a chosc agus gan aon diúltú cóireála ann roimhe sin.
- 
- 14** Ní mór duit deimhniú go bhfuil a gcearta agus a leasa siúd a bhfuil easpa cumais orthu i gcroílár na bpróiseas cinnteoireachta ar fad maidir lena gcúram agus a leas.
- 
- 15** Ní mór duit ilghnéitheacht i measc othar agus comhghleacaithe i do chleachtas gairmiúil a urramú.
- 
- 16** Ní mór duit gach duine a urramú go comhionann gan idirdhealú a dhéanamh ar fhórais aoise, inscne, cine, reiligiúin, stádais shibhialta, stádais teaghlaigh, claonta gnéis, míchumais (fisiceach, meabhrach nó intleachtúil) ná ballraíochta i bPobal an Lucht Siúil.
- 

## Treoir thacaíochta

### Treoracha cúraim sláinte roimh ré

Tá treoracha cúraim sláinte roimh ré aitheanta ag na cúirteanna in Éirinn. Tá sé leagtha síos ag na cúirteanna in Éirinn go bhfuil sé de cheart ag duine a bhfuil cumas aige/aici cóireáil a dhiúltú.

Féadfaidh treoir ó rialtóirí cúraim sláinte agus gníomhaireachtaí eile bheith ina chabhair le heolas a chur ort i dtaca leis an dea-chleachtas maidir le ceisteanna eiticiúla agus gairmiúla a bhaineann le treoracha cúraim sláinte roimh ré.

---

Is ceart treoir cúraim sláinte roimh ré a urramú ar an gcoinníoll:

- go ndearna an duine rogha feasach maidir lena c(h)inntí ag an am a rinne sé/sí an plean
- clúdaíonn an cinneadh sa treoir an cás atá tagtha chun cinn anois
- níl aon chomhartha ann gur athraigh an duine a (h)intinn ó rinneadh an treoir nó an plean cúraim sláinte roimh ré

Tá tuilleadh eolas maidir le treoracha cúraim sláinte roimh ré le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne Sláinte [www.health.gov.ie](http://www.health.gov.ie) agus ar shuíomh idirlín an Choimisiúin Meabhair-Shláinte (MHC) [www.mhcirl.ie](http://www.mhcirl.ie).

Creat dlíthiúil is ea an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 a thacaíonn le daoine aonair a bhfuil easpa cumais orthu nó gur féidir a mheas go bhfuil easpa cumais orthu. Bíonn cur chuige feidhmiúil aige i leith na cinnteoireachta agus leagann sé an oibleagáid ar gach duine atá ag obair sa chúram sláinte tacú le duine a bhfuil amhras ann faoina c(h)umas chun cumas an duine sin chun bheith mar chuid den phróiseas cinnteoireachta a uasmhéadú. Áirítear air seo treoracha cúraim sláinte roimh ré.

Le cur chuige feidhmiúil i leith an chumais bíonn sé i gceist cumas duine a mheasúnú i mbealach atá sainiúil ó thaobh an ama de agus ó thaobh na ceiste de.

Níl lagú cognaíoch ábhartha ach sa chás go bhfuil sé ag dul i gcion ar an gcumas. Faoi chinneadh ag an rialtas tá seirbhís tacaíochta curtha ar bun faoi choimirce an Choimisiúin Meabhair-Shláinte chun socruithe tacaíochta a rialáil agus a chlárú agus chun bearta tacadóirí cinnidh arna gceapadh go dlíthiúil a mhaoirsiú.

## Toiliú

Tá an chumarsáid uaitse agus comhroinnt an eolais uaitse go lárnach maidir le tuiscint agus toiliú an othair le cúram altranais nó cnáimhseachais. Cuimsíonn an gá le toiliú gach idirghabháil altranais nó cnáimhseachais le hothair i ngach aon suíomh. Ní mar an gcéanna an bealach a chuirfear príomhghnéithe an toilithe i bhfeidhm, mar shampla, éisteacht agus tacú leis an othar chun a chinntiú go dtugtar agus go bpléitear an toiliú de dheoin an othair féin, i ngach aon chás. Braithfidh an méid eolais gur ceart duit é a sholáthar maidir le hidirghabháil ar an bpráinne, ar an gcastacht, ar an nádúr agus ar na rioscaí a bhaineann leis an idirghabháil.

Is leor mar chomhartha é gur bailiú an toiliú le cúram altranais nó cnáimhseachais a bhíonn saor ó riosca go hiondúil go dtugtar toiliú béil nó intuigthe (mar shampla, le gotha). Sa chaoi chéanna le hidirghabhálacha míochaine, is ceart gur toiliú feasach, scríofa a bheadh sa toiliú a thugann othair le gnáthaimh thromchúiseacha a bhfuil ardriosca ag baint leo. Ní ceadaithe aon amhras a bheith ann gur tugadh toiliú feasach agus go bhfuil sé doiciméadaithe sna nótaí altranais nó cnáimhseachais agus i bhfoirm toilithe an othair.

Féadann ócáidí a bheith ann nuair a bhíonn bail sláinte an othair mar chosc ar an rannpháirtíocht aige/aici sa phróiseas toilithe. Treoraíonn reachtaíocht sláinte, ar nós an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (nuair a bheidh tús feidhme iomlán tugtha dó), an tAcht Meabhair-Shláinte, 2001, treoir thacaíochta ón MHC ([www.mhcirl.ie](http://www.mhcirl.ie)) agus beartas an fhostaitheora an dea-chleachtas chomh maith.

---

## Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil

Dírítear leis an bprionsabal seo ar fhreagracht agus cuntasacht ghairmiúil, ar ionracas pearsanta agus gairmiúil, agus ar abhcóideacht. Tagraíonn sé chomh maith do theorainneacha gairmiúla, árachas agus diúltú coinsiasach.

### Luachanna

- 1 Bítear ag súil go léireoidh altraí agus cnáimhseacha ardchaighdeán iompair ghairmiúil.
- 2 Bíonn altraí agus cnáimhseacha cuntasach go gairmiúil as a gcleachtas, a meoin agus a ngníomhartha ar a n-áirítear díomhaointis agus neamhghníomhartha.
- 3 Aithníonn altraí agus cnáimhseacha an gaol idir an fhreagracht agus an chuntasacht ghairmiúil agus a n-ionracas gairmiúil.
- 4 Déanann altraí agus cnáimhseacha abhcóideacht ar son ceart othar.
- 5 Aithníonn altraí agus cnáimhseacha an ról atá acu i mbainistíocht chúí acmhainní cúraim sláinte.

### Caighdeán Iompair

- 1 Ní mór duit gníomhú de réir an dlí agus cloí le rialacha agus rialacháin Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.
- 2 Ní mór duit cloí leis na luachanna eiticiúla agus gairmiúla agus leis na caighdeáin iompair agus cleachtais sa Chód agus sna caighdeáin agus sa treoir eile againn.
- 3 Tá tú freagrach agus cuntasach as do chinntí agus do bhearta, díomhaointis agus neamhghníomhartha san áireamh, i do chleachtas.
- 4 Tá sé de dhualgas ort sláinte an othair agat, do shláinte agus do shábháilteacht féin, agus sláinte agus sábháilteacht an phobail i gcoitinne a chosaint. Má tharlaíonn sé i gcúinsí fíorthógálacha nach bhfuil éadach cosanta leordhóthanach ar fáil, tá freagracht ort an scéal a ardú láithreach le do bhainisteoir. Mura réitítear an cheist go sásúil, tharlódh go mbeadh ort cinntí deacra a dhéanamh go tapa chun sábháilteacht an othair, do shábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile a chaomhnú. Is ceart cinntí a dhéanamh, sa mhéid gur féidir é, in éineacht le do chomhghleacaithe agus aird á tabhairt ag an am céanna ar threoirínte agus prótacail náisiúnta agus áitiúla. (Tá nasc idir Luach 2 agus Caighdeáin iompair 1-3 i bPrionsabal 3 Caighdeán Cleachtais, agus Caighdeáin iompair 1-4 i bPrionsabal 5 Comhoibriú le Daoine Eile agus an caighdeán seo.)

---

**5** Is ceart duit gníomhú mar abhcóide ar son othar a iarrann sin ort chun a chinntiú go mbíonn a gcearta agus a leasa cosanta.

**6** Má tá diúltú coinsiasach agat bunaithe ar thuairimí reiligiúnacha nó morálta a bhfuil baint aige le do chleachtas gairmiúil, ní mór duit an méid sin a chur in iúl don fhostaitheoir agus, más cuí, don othar a luaithe is féidir. Más rud é nach féidir leat riachtanais an othair a shásamh de bharr an diúltaithe seo, ní mór duit labhairt leis an bhfostaitheoir agat agus, más cuí, labhairt leis an othar maidir le socruithe cúraim eile.

Má tá diúltú coinsiasach agat maidir le foirceannadh toirchis mná a chur i gcrích nó páirt a ghlacadh ann, éillítear ort de réir an dlí socruithe a dhéanamh d'aistriú chúram na mná torraí de réir mar a bheidh gá leis sin, chun cur ar chumas na mná leas a bhaint as foirceannadh an toirchis i gceist.

**7** Fiú má tá diúltú coinsiasach agat, ní mór duit cúram a thabhairt d'othar i gcás éigeandála áit a bhfuil riosca ann do bheatha an othair.

**8** Is ceart duit bheith feasach ar do fhreagracht ghairmiúil má bhíonn tú ag úsáid na meán sóisialta.

**9** Is ceart teorainneacha gairmiúla a choinneáil le hothair. Cuireann teorainneacha gairmiúla teorann leis an gcaidreamh teiripeach ar a n-áirítear iompar inghlactha idir tú féin agus an t-othar.

Ní ceadaithe riamh an seasamh ghairmiúil agat a úsáid chun caidreamh a chur ar bun de nádúr mothúchánach, gnéasach nó dúshaothraithe le hothar, nó le céile nó páirtí nó gaol gairid othair.

**10** Ní ceadaithe duit iasachtaí airgid a iarraidh ná a ghlacadh ó othair.

**11** Ní ceadaithe duit aon bhronntanas ná fabhar a ghlacadh ó othair ná ó chomhlachtaí cúraim sláinte agus cógaisíochta a d'fhéadfadh:

- tabhairt le fios go réasúnta go bhfuil tú ag cur cóireála fabhraí ar fáil do dhuine éigin
- dul i gcion ar an ionracas gairmiúil agat
- coinbhleacht leasa a chruthú – áit a d'fhéadfadh do leasanna príobháideacha cur isteach ar do fhreagracht ghairmiúil i leith an othair.

Is ceart duit cloí le beartas an fhostaitheora maidir le glacadh agus tuairisciú bronntanas.

**12** Má tá tú ag cur chun cinn nó ag fógairt táirge nó seirbhíse chun críocha tráchtála, is ceart duit bheith feasach ar d'oibleagáidí gairmiúla, eiticiúla agus dlíthiúla eolas cruinn neamhchlaonta a chur ar fáil.

**13** Is ceart duit acmhainní cúraim sláinte go héifeachtach i do shuíomh cleachtais agus maoin na n-othar agus an fhostaitheora agat a urramú.

---

- 
- 14** Tá tú freagrach agus cuntasach as do shláinte agus d'fholláine féin. Má thuigtear duit go bhfuil do shláinte féin ag dul i gcion ar do chumas chun cleachtadh go sábháilte, ní mór duit cabhair a fháil chun an bhail atá ort a bhainistiú.
- 
- 15** Tá tú freagrach as a chinntiú go bhfuil árachas slánaíochta gairmiúla agat. Tá sé de cheart ag othair bheith ag súil go bhfuil an t-árachas seo agat sa chás go ndéanfaí éileamh faillí gairmiúla i d'aghaidh.
- 

## Treoir thacaíochta

### Árachas slánaíochta gairmiúla cliniciúla

Má tá tú fostaithe sa tseirbhís poiblí nó in eagraíochtaí deonacha áirithe tá tú cosanta leis(CIS) ([www.stateclaims.ie](http://www.stateclaims.ie)). an Scéim Slánaíochta Cliniciúla (CIS). Má tá ag obair san earnáil phríobháideach, is féidir go mbeifeá clúdaithe le hárachas an fhostaitheora.

Soláthraíonn an CIS clúdach árachais d'altraí agus cnáimhseacha atá ag obair san earnáil sláinte poiblí agus in eagraíochtaí deonacha áirithe mar a liostaítear iad in I.R. Uimh. 63 de 2003 An tOrdú um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarligean Feidhmeanna), 2003 agus An tOrdú um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarligean Feidhmeanna) (Leasú), 2007.

Ar mhaithe le sábháilteacht na n-othar agus le cosaint an phobail ní mór duit a chinntiú go mbíonn árachas slánaíochta gairmiúla agat.

---

## Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais

Dírítear leis an bprionsabal seo ar shábháilteacht, inniúlachta, cineáltas, atrua, cúram agus cosaint ó dhíobháil. Tá sé de cheart ag othair cúram ar ardchaighdeán a fháil ó altraí agus cnáimhseacha inniúla a chleachtann i dtimpeallacht shábháilte.

### Luachanna

- 1 Bíonn altraí agus cnáimhseacha inniúil, feasach ar an tsábháilteacht, gníomhaíonn siad go cineálta agus go hatruach, agus soláthraíonn siad cúram sábháilte ar ardchaighdeán.
- 2 Déanann altraí agus cnáimhseacha deimhin de go mbíonn an timpeallacht cúraim sláinte sábháilte dóibh féin, dá n-othair agus dár gcomhghleacaithe.
- 3 Bíonn sé mar aidhm ag altraí agus cnáimhseacha cúram ar an gcaighdeán is airde a thabhairt do gach duine atá faoina gcúram gairmiúil.
- 4 Úsáideann altraí agus cnáimhseacha eolas fianaise-bhunaithe agus cuireann siad caighdeáin dea-chleachtais i bhfeidhm ina gcuid oibre.
- 5 Is mór ag altraí agus cnáimhseacha an taighde. Tá an taighde lárnach ag gairmí an altranais agus an chnáimhseachais. Bíonn an taighde mar bhonn eolais ag caighdeáin cúraim agus cinntítear leis go soláthraíonn an dá ghairm seirbhísí ar an gcaighdeán is airde agus na seirbhísí is costas-éifeachtaí don tsochaí.

### Caighdeáin lompair

- 1 Ní mór duit cúiseanna imní ar bith atá agat faoi shábháilteacht na timpeallachta cúraim sláinte a thuairisciú agus iarracht a dhéanamh iad a réiteach trí línte cuí údaráis, ar nós an bhainisteora, an fhostaitheora nó an chomhlachta rialála ábhartha.
- 2 Is ceart duit cleachtadh sábháilte, inniúil a chur ar fáil bunaithe ar an bhfianaise is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar chaighdeáin an dea-chleachtais.
- 3 Is ceart duit páirt ghníomhach a ghlacadh i rialú maith cliniciúil chun cúram sábháilte ar ardchaighdeán a chinntiú.
- 4 Is ceart duit bheith cineálta, atruach i do chleachtadh.
- 5 Ní mór duit bheith inniúil ar chleachtadh go sábháilte mar altra nó cnáimhseach. Má tá teorainneacha le d'inniúlacht, is ceart duitse agus do d'fhostaitheoir déileáil leo sa chaoi go mbeidh tú in ann cleachtadh go sábháilte agus laistigh de do scóip cleachta.
- 6 Ní mór duit do chuid eolais agus scileanna a choinneáil suas chun dáta trí páirt a ghlacadh i bhforbairt leanúnach gairmiúil ábhartha. Ní mór duit bheith réidh d'inniúlacht a léiriú má iarrtar sin ort.



- 
- 7 Má tá tú gafa le taighde, is ceart duit tagairt dár dtreoir ar stiúradh eiticiúil an taighde altranais agus an chnáimhseachais agus ar na beartais agus na nósanna imeachta eiticiúla a mbeidh ort cloí leo. Ní mór duit a chinntiú go gcosnaítear cearta othar i gcónaí sa phróiseas taighde.
- 

## Treoir thacaíochta

### Cúiseanna inní maidir leis an tsábháilteacht a thuairisciú

Tá freagracht ar leith ort seasamh le caighdeán agus sábháilteacht na timpeallachta cúraim sláinte. Cuimsítear sa bhfreagracht seo tuairisc a dhéanamh maidir leis an gcúis inní áit a measann tú nach bhfuiltear ag urramú dhíon na n-othar. Tá sé de fhreagracht ar bhainisteoirí altranais agus cnáimhseachais tuairisc agus beart a dhéanamh má chuireann an fhoireann in iúl dóibh go bhfuil inní orthu maidir le sábháilteacht. Tharlódh go mba ghá innithe a ghéarú mura ndéanann na húdaráis beart ina leith. Tharlódh go mbeadh ar an bhfoireann nó ar bhainisteoirí tuairisc a thabhairt dá réir sin do dhaoine ag an leibhéal maoirseachta os a chionn sin arís.

Is é an bealach is fearr chun cleachtadh sábháilte ar ardchaighdeán a chur chun cinn ná altraí agus cnáimhseacha bheith ag glacadh páirte go gníomhach i dtuairisciú teagmhas, athbheithnithe ar dhrocheachtraí, agus nochtadh oscailte, laistigh de chultúr ionracais.

Is ceart duit tagairt do reachtaíocht náisiúnta agus beartas an fhostaitheora chun eolas a fháil ar fhreagrachtaí an fhostaí agus an fhostaitheora maidir le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta. Foinsí bunúsacha iad an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014; an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Nochtadh faisnéise a chosaint (Cuid 14 den Acht Sláinte, 2007); agus an tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 2017.

Mionsonraítear san Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 2017 an gnás do nochtadh oscailte a ullmhú agus a dhéanamh, rud ar a n-áirítear ráiteas scríofa don othar ag cruinniú nochtadh oscailte, a bhfuil eolas ann i dtaobh an teagmhais, agus leithscéal, más cuí. Maidir leis an eolas a chuirtear ar fáil nuair a bhíonn nochtadh oscailte nó leithscéal á dhéanamh:

- ní hionann é agus admháil lochta ná dliteanais ná faillí cliniciúla;
- ní bheidh sé inghlachta mar fhianaise lochta ná dliteanais sa chúirt;
- ní chuirfidh sé ar ceal slánaíocht an tsoláthraí seirbhíse sláinte;

Agus ní bheidh sé ionann is admháil léirithe ná intuigthe lochta, mí-iompair ghairmiúil, lagfheidhmíochta gairmiúla, nó mí-oiriúnacht chun cleachta in aon ghearán a dhéanfar ina dhiaidh sin chuig comhlacht rialála ar bith.

Tá eolas ginearálta maidir le nochtaí cosanta agus sceithireacht ar fáil ag [www.gov.ie](http://www.gov.ie).

Tá eolas faoi chaighdeáin shábháilte cúraim tugtha i gcaighdeáin náisiúnta ó rialtóirí eile, mar shampla, an tÚdarás Faisnéise agus Cáilíochta Sláinte ([www.hiqa.ie](http://www.hiqa.ie)) agus an MHC ([www.mhcirl.ie](http://www.mhcirl.ie)). Foinsé idirnáisiúnta is ea tionscnamh Sábháilteachta Othar na hEagraíochta Domhanda Sláinte atá le fáil ag [www.who.int/news-room/fact-sheets/detail/patient-safety](http://www.who.int/news-room/fact-sheets/detail/patient-safety).

---

## Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht

Dírítear leis an bprionsabal seo ar mhuinín, rúndacht agus macántacht.

### Luachanna

- 1 Luach lárnach gairmiúil is ea an muinín sa chaidreamh a bhíonn ag altraí agus cnáimhseacha le hothair agus comhghleacaithe.
- 2 Bíonn an rúndacht agus an mhacántacht mar bhunús ag caidreamh iontaobhach idir an t-altra nó an chnáimhseach agus an t-othar. Tá sé de cheart ag othair bheith ag súil go bhfanfaidh eolas pearsanta fúthu príobháideach i gcónaí.
- 3 Cuireann altraí agus cnáimhseacha a mbreithiúnas gairmiúil i bhfeidhm sa chás go gcaithfear eolas rúnda faoi othar a chur in iúl.

### Caighdeáin Iompair

- 1 Caithfidh tú iarracht a dhéanamh caidrimh muiníne le hothair a fhorbairt.
- 2 Caithfidh macántacht, ionracas agus iontaofacht bheith mar bhonn agus mar thaca leis an gcaidreamh a bhíonn agat le hothair agus comhghleacaithe.
- 3 Is ceart duit eolas agus comhairle mhacánta, fíor, cothrom a thabhairt d'othair. Is ceart go mbeadh eolas agus comhairle bunaithe ar an bhfianaise is fearr nó ar na caighdeáin cleachta is fearr dá bhfuil ar fáil.
- 4 Ní mór duit tú féin a iompar i mbealach a threisiúnn muinín agus iontaoibh an phobail in altraí agus cnáimhseacha. Is ceart duit súil othair go bhfanfaidh eolas pearsanta faoi nó fúithi príobháideach i gcónaí a urramú agus a thacú. Is ceart duit feidhm a bhaint as do bhreithiúnas gairmiúil agus gníomhú go freagrach nuair a bhíonn ort eolas a nochtadh agus a chur in iúl. Féadann imthosca eisceachtúla a bheith ann ina mbeadh ort eolas rúnda a chur in iúl. B'fhéidir go mbeadh ort eolas rúnda a chur in iúl má bhíonn sé:
  - riachtanach de réir dlí déanamh amhlaidh
  - chun leas an othair a chosaint
  - chun leas na sochaí a chosaint
  - chun leas daoine eile a chosaint

Sna himthosca seo, ní ceart go nochtfaí ach an íosmhéid eolais is gá chuig an duine cúí.

- 5 Ní mór duit a rá le hothair (ach amháin sa chás go ndéanfadh sé seo dochar tromchúiseach dóibh) má tá fút eolas rúnda fúthu a chur in iúl do dhaoine eile atá lasmuigh den bhfoireann dhíreach cúraim.

- 
- 6 Má mheastar nach bhfuil an t-othar i gcumas toiliú a thabhairt ná a choinneáil siar le nochtadh eolais rúnda faoi nó fúithi, is ceart duit a mhachnamh an é ba mhian leis an othar go nochtfaí an t-eolas dá g(h)arghaolta más chun a leasa é.
  - 7 Cuimsítear sa ról atá agat rúndacht a chosaint gach cineál bainistíochta taifead, úsáid chuí teicneolaíochta faisnéise agus meán sóisialta san áireamh.
- 

## Treoir thacaíochta

Tá nochtadh eolais chun páistí agus daoine aosta a chosaint ó mhí-úsáid ordaithe ag reachtaíocht, ar nós Acht na Leanaí, 2001, An tAcht um Leanaí ar dtús 2015 agus ag beartas náisiúnta. I measc na príomhreachtaíochta faoi nochtadh tá na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988–2018 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Feic [www.dbei.gov.ie/en/Cosaint-Sonraí](http://www.dbei.gov.ie/en/Cosaint-Sonraí).

Is féidir go mbeidh riachtanais bhreise faoi rúndacht agus cur in iúl eolais le fáil i dteicneolaíocht faisnéise, bainistíocht taifead agus beartais rochtana leictreonaí an fhostaitheora agat. Cuirimid treoir ar fáil faoi úsáid na meán sóisialta in ár bhfoilseachán Treoir d'Altraí agus Cnámhseacha faoi na Meáin Shóisialta agus Líonrú Sóisialta.

---

## Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile

Dírítear leis an bprionsabal seo ar chomhoibriú, obair foirne, cumarsáid agus doiciméadú.

### Luachanna

- 1 Tá caidrimh ghairmiúla le comhghleacaithe bunaithe ar chomh-mheas agus iontaoibh.
- 2 Tá freagracht comhroinnte idir altraí agus cnáimhseacha agus a gcomhghleacaithe as cúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Oibríonn siad le chéile chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do na hothair.
- 3 Aithníonn altraí agus cnáimhseacha gur cuid dhílis dá gcleachtadh é doiciméadú éifeachtach, comhsheasmhach agus go léirítear leis caighdeán cleachtas ghairmiúil duine aonair. Tacaíonn siad le bainistiú eiticiúil an doiciméadaithe agus an churtha in iúl cúraim.
- 4 Aithníonn altraí agus cnáimhseacha a ról maidir le cúram a tharmligean go cuí agus i soláthar na maoirseachta

### Caighdeáin iompair

- 1 Ní mór duit cumarsáid a dhéanamh le comhghleacaithe agus oibriú leo chun cúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'othair. Ní mór duit dul i gcomhairle leis an othar agus iad a tharchur chuig an ngairmí cúraim sláinte cuí le haghaidh tuilleadh cóireála más é seo is gá. Is ceart é seo a dhéanamh go tráthúil chun leanúnachas cúraim a chinntiú.
- 2 Is ceart go gcuirfeá an doiciméadú agus cur in iúl an chúraim i gcrích i mbealach soiléir, oibiachtúil, cruinn, tráthúil laistigh de chreat dlíthiúil, eiticiúil. Áirítear air seo úsáid chuí teicneolaíochta faisnéise agus na meán sóisialta.
- 3 Is ceart duit déileáil le difríochtaí idir tuairimí gairmiúla na gcomhghleacaithe trí phlé agus díospóireacht fheasach i mbealach tráthúil, cuí.
- 4 Má chuirtear sábháilteacht nó folláine othair nó comhghleacaí i mbaol ar bith de bharr gníomhartha, neamhghníomhartha nó neamhinniúlachta comhghleacaí eile, caithfidh tú beart cuí a dhéanamh i dtosach chun daoine a chosaint ó dhíobháil. Is ceart an t-iompar a thuairisciú ansin láithreach don bhainisteoir nó don fhostaitheoir agat agus, más gá, chuig an gcomhlacht ábhartha rialála.
- 5 Ní mór duit tacú le comhghleacaithe sóisearacha agus le mic léinn altranaís, cnáimhseachais agus cúraim sláinte i bhfoghlaím agus i bhforbairt leanúnach a luachanna gairmiúla, a gcleachta agus a n-iompair.

- 
- 6 Agus tú ag comhlíonadh an róil atá agat mic léinn altranais nó cnáimhseachais a threorú agus a stiúradh ní mór duit freagracht a ghlacadh as an gcúram a chuireann siad ar fáil. Ag gabháil leis seo tá tacú le foghlaim, múineadh agus maoirseacht, cleachtadh a mheasúnú agus beart a dhéanamh maidir le himnithe áit a saináithnítear iad.
  - 7 Is ceart duit deimhin a dhéanamh de go dtuigeann an t-othar ról an mhic léinn altranais nó cnáimhseachais agus go mbíonn an mac léinn faoi mhaoirseacht altra nó cnáimhsí cláraithe.
  - 8 Tá tú cuntasach má chinneann tú tasc altranais nó cnáimhseachais a tharmligean do dhuine nach altra nó cnáimhseach chláraithe é nó í.
  - 9 Má tharchuireann tú tascanna nó róil, is ceart duit measúnú agus pleanáil, cumarsáid, monatóiriú agus maoirseacht, agus luacháil agus aiseolas a chur ar fáil go cuimsitheach, éifeachtach.
- 

## Treoir thacaíochta

Tá na doiciméid treorach gairmiúla seo a leanas foilsithe againn. Tá siad seo ina bhfoinsí bunúsacha don bprionsabal seo.

- Scope of Nursing and Midwifery Practice Framework
- Recording Clinical Practice – Professional guidance
- National Quality Clinical Learning Environment Audit Tool – Professional Guidance Document

## Tagairt agus acmhainní

An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (Comhairle na hEorpa, 1950)

Dearbhú Uile-Choiteann Chearta an Duine (Na Náisiúin Aontaithe, 1948)

Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh (NA, 1989)

Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) (NA, 2007)

### **Reachtaíocht atá mar threoir do chleachtadh an altranaís agus an chnámhseachais in Éirinn**

Ní uileghabhálach an liosta seo reachtaíochta atá mar threoir do chleachtadh an altranaís agus an chnámhseachais. Folaíonn sé:

An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015

Bunrecht na hÉireann – Constitution of Ireland 1937

An tAcht um Leanaí ar dtús 2015

Acht na Leanaí 2001

An tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988–2018

An tAcht um Míchumas 2005

Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018

AN tacht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Ehearta an Duine 2003

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

An tAcht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil), 2018

An tAcht Meabhair-Shláinte 2001

An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

An tAcht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis 2013

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Cuimsíonn bunachar sonraí leictreonach Leabhar Reachtach na hÉireann ([www.irishstatutebook.ie](http://www.irishstatutebook.ie)) Achtanna an Oireachtais, Ionstraimí Reachtúla agus an tEolaire Reachtaíochta don tréimhse 1922–2020.

## Innéacs na nábhar

Ábhar	Prionsabal	Uimh. an Leathanaigh
<b>Cuntasacht</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus Cuntasacht Ghairmiúil	15
<b>Treoir cúraim sláinte roimh ré</b>	Gluais	3
	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	12
<b>Comhairle</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
<b>Abhcóideacht (abhcóide)</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	15
<b>Cumas</b>	Gluais	3
	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	10
<b>Rialú clínicíúil</b>	Gluais	3
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	18
<b>Comhoibriú</b>	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Inniúlacht:</b>	Gluais	3
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	18
<b>Rúndacht</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
<b>Coinbhleacht Leasa</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus Cuntasacht Ghairmiúil	16
<b>Diúltú coinsiasach</b>	Gluais	3
	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	11
	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	15
<b>Toiliú</b>	Prionsabal 1: Ómós do dhínit an duine	13
	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
<b>Forbairt leanúnach ghairmiúil</b>	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	19
<b>Tarmlig</b>	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	24
<b>Dínit</b>	Prionsabal 1: Ómós do dhínit an duine	10
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	19
<b>Nochtadh faisnéise</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	22
<b>Idirdhealú</b>	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	10
<b>Doiciméadú</b>	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23

Ábhar	Prionsabal	Uimh. an Leathanaigh
<b>Oiriúnacht chun cleachta</b>	Ár bhfeidhmeanna	6
<b>Bronntanais</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus Cuntasacht Ghairmiúil	16
<b>Acmhainní cúraim sláinte</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus Cuntasacht Ghairmiúil	15
<b>Macántacht</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
<b>Neamhinniúlacht</b>	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Árachas slánaíochta</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	17
<b>Teicneolaíocht faisnéise</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	22
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Ionracas</b>	Gluais	4
	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	15
	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
<b>Teanga</b>	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	11
<b>Bainistiú cógaisíochta</b>	Ár bhfeidhmeanna	7
<b>Nochtadh oscailte</b>	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	19
<b>Teorainneacha gairmiúla</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	16
<b>Breithiúnas gairmiúil</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
<b>Bainistíocht taifead</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	22
<b>Caidreamh</b>	Gluais	5
	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	16
	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Taighde</b>	Ár bhfeidhmeanna	7
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	18
<b>Urraim</b>	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	10
	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	17
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23



Ábhar	Prionsabal	Uimh. an Leathanaigh
<b>Freagracht</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	15
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	19
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Cearta</b>	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	10
	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	15
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	19
<b>Riosca</b>	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	13
	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	16
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Sábháilteacht</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	15
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	18
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Scóip an chleachta</b>	Ár bhfeidhmeanna	6
	Prionsabal 3: Caighdeán cleachtais	18
<b>Na meáin shóisialta</b>	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	16
	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	22
<b>Mic léinn</b>	Cuspóir agus aidhmeanna an Chóid	7
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	24
<b>Maoirseacht</b>	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23
<b>Foirceannadh toirchis</b>	Prionsabal 1: Ómós do Dhínit an Duine	11
	Prionsabal 2: Freagracht agus cuntasacht ghairmiúil	16
<b>Muinín</b>	Prionsabal 4: Muinín agus rúndacht	21
	Prionsabal 5: Comhoibriú le daoine eile	23

Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann  
18/20 Ascaill Dhún Charúin, An Charrraig Dhubh,  
Co. Bhaile Átha Cliath,  
A94 R299.  
Tel: (01) 639 8500  
Email: [education@nmbi.ie](mailto:education@nmbi.ie)  
Web: [www.nmbi.ie](http://www.nmbi.ie)



**Bord Altranais agus  
Cnáimhseachais na hÉireann**  
**Nursing and Midwifery  
Board of Ireland**